Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12194/25**

**VETER 87**
**FOOD 74**
**DELACT 111**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4809 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 18.7.2025 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh marú éigeandála crúbach clóis, le haghaidh tuinníní a reoitear faoi sháile agus le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4809 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4809 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.7.2025
C(2025) 4809 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.7.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh marú éigeandála crúbach clóis, le haghaidh tuinníní a reoitear faoi sháile agus le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar síos rialacha sonracha maidir le sláinteachas bia de bhunadh ainmhíoch le haghaidh oibreoirí gnólachtaí bia. Leis an Rialachán, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a glacadh lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III de.

Le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid I.C, pointe 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear ar reoshoithí trealamh reo a bheith acu a bhfuil acmhainn leordhóthanach iontu táirgí iascaigh a reo a thúisce is féidir ar bhealach leanúnach agus ag a bhfuil tréimhse gabhála teirmí chomh gearr agus is féidir, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach mó ná -18 °C. I gcomhréir le Roinn VIII, Caibidil I, Cuid II, pointe 7, maidir leis an iasc iomlán atá beartaithe lena channú, i gcás ina ndéantar an t-iasc sin a reo faoi sháile, níl an teocht le bheith níos airde ná -9 °C. Leagtar síos leis freisin, fiú má dhéantar an t-iasc iomlán a reo ina dhiaidh sin ag -18 °C, nach féidir leis ach a bheith beartaithe lena channú.

I rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag údaráis inniúla náisiúnta agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, tá sé léirithe go gcuireann oibreoirí gnólachtaí bia áirithe tuinníní a bhí reoite faoi sháile ag -9 °C ar an margadh go neamhdhleathach mar thuinníní úra, agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh na tuinníní sin ach a bheith beartaithe lena gcannú. Ina theannta sin, úsáideann oibreoirí breiseáin go neamhdhleathach chun dath an tuinnín atá reoite faoi sháile ag -9 °C a athrú agus chun cuma an tuinnín úir a chur ar an iasc. Ní fhreagraíonn sé sin d'fhíorstaid an éisc, agus dá bhrí sin is cleachtas calaoiseach é, rud a chuireann tomhaltóirí i mbaol rioscaí sláinte.

I gcomhairliúcháin le húdaráis inniúla na mBallstát agus le heagraíochtaí páirtithe leasmhara, tá se léirithe go bhfuil feabhas tagtha ar acmhainn reo reoshoithí mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta le déanaí. Dá bhrí sin, tá infheistíocht déanta ag oibreoirí gnólachtaí bia in acmhainn reo faoi sháile a soithí ionas gur féidir a ngabháil tuinníní a reo faoi sháile ag -18 °C i gcomhréir le Roinn VIII, Caibidil I, Cuid I.C, pointe 1 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ós rud é nach n-éiríonn tuinnín a reoitear faoi sháile ag -18 °C faoi choinníollacha áirithe ocsaídithe, níl athraíonn a dhath ach oiread. Dá bhrí sin, ní mar thuinníní cannaithe amháin is féidir tuinníní den sórt sin a chur ar an margadh .

Bunaítear leis an dréacht-Rialachán coinníollacha maidir le tuinníní faoi sháile a reo ag -18 °C ar bord reoshoithí. Ba cheart acmhainn reo an reoshoithigh a ghabh agus a reoigh tuinníní ag -18 °C faoi sháile a shainaithint le linn a bhformheasa. Éascóidh sé sin rialuithe oifigiúla, trína dhéanamh níos éasca tuinníní arna ngabháil agus arna reo ag soithí a bhfuil an acmhainn reo iomchuí iontu a shainaithint.

Dá bhrí sin, ba cheart Roinn VIII, Caibidil I, Codanna I agus II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a leasú dá réir.

Thairis sin, le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ceadaítear marú éigeandála a dhéanamh lasmuigh den seamlas má chomhlíontar ceanglais áirithe. Ceanglaítear le pointe 5 den Chaibidil VI sin dearbhú ón oibreoir gnólachta bia a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe. Cuimsítear ábhar an dearbhaithe sin san fhaisnéis faoin mbiashlabhra i gcomhréir le Roinn III d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ar mhaithe le soiléireacht agus le dúbláil a

[1] IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj

d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart tagairt don fhaisnéis faoin mbiashlabhra a chur in ionad phointe 5 de Chaibidil VI.

Ar deireadh, le hIarscríbhinn III, Roinn XVI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le táirgí an-mhínphróiseáilte i gcás ina gcuirtear deireadh le haon riosca sláinte ainmhithe nó poiblí le cóireáil na n-amhábhar. Táirgí de bhunadh ainmhíoch a údaraítear mar bhreiseáin bhia i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], is táirgí an-mhínphróiseáilte den sórt sin iad freisin agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur le Roinn XVI. Ina theannta sin, tugtar isteach cóireáil mhalartach chun díorthaigh shaill (Vitimín D3) a tháirgeadh ós rud é nach bhfuil riosca don tsláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí ag baint léi.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

D'iarr údaráis inniúla na mBallstát agus eagraíochtaí leasmhara príobháideacha áirithe roinnt de na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Pléadh na leasuithe ag roinnt cruinnithe den ghrúpa saineolaithe ábhartha, grúpa a dhéanann ionadaíocht ar údaráis inniúla na mBallstát uile, agus tacaíonn na saineolaithe sin leis na leasuithe den chuid is mó.

Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí páirtithe leasmhara príobháideacha.

Sular glacadh an Rialachán Tarmligthe seo, reáchtáil an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí ar bhealach oscailte agus trédhearcach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Ba cheart na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a dhéanamh le Rialachán Tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(1), an dara fomhír, pointí (c), (d) agus (e), de.

---

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj).

[3] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.7.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh marú éigeandála crúbach clóis, le haghaidh tuinníní a reoitear faoi sháile agus le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch[1], agus go háirithe Airteagal 10(1), an dara fomhír, pointí (a), (b), (c), (d) agus (e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 leagtar síos rialacha sonracha maidir le sláinteachas i ndáil le bia de bhunadh ainmhíoch le haghaidh oibreoirí gnólachta bia. Ceanglaítear ar oibreoirí gnólachtaí bia na ceanglais shonracha a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh, *inter alia*.

(2) Foráiltear le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil VI, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 go n-áiritheoidh oibreoirí gnólachtaí bia nach bhféadfar feoil ó chrúbacha clóis a ndearnadh marú éigeandála orthu lasmuigh den seamlas a úsáid lena caitheamh ag an duine ach amháin má chomhlíonann an fheoil na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil sin. Ceanglaítear le pointe 5 den Chaibidil VI sin dearbhú ón oibreoir gnólachta bia a bheith ag gabháil leis an ainmhí maraithe chuig an seamlas. Cuimsítear ábhar an dearbhaithe sin san fhaisnéis faoin mbiashlabhra a cheanglaítear i gcomhréir le Pointe 3 de Roinn III d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ar mhaithe le soiléireacht agus le dúbláil a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart tagairt don fhaisnéis faoin mbiashlabhra a cheanglaítear i gcomhréir le Roinn III d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a chur in ionad phointe 5 de Chaibidil VI d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(3) Le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid I.C, pointe 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ceanglaítear ar reoshoithí trealamh reo a bheith acu a bhfuil acmhainn leordhóthanach iontu táirgí iascaigh a reo a thúisce is féidir ar bhealach leanúnach agus ag a bhfuil tréimhse gabhála teirmí chomh gearr agus is féidir, ionas go mbainfear amach teocht lárnach nach mó ná -18 °C. Le pointe 2 den Chuid sin, ceanglaítear ar reoshoithí trealamh cuisniúcháin a bheith acu a bhfuil

[1] IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj

acmhainn leordhóthanach iontu chun táirgí iascaigh sna boilg stórála a choinneáil ag teocht nach mó ná -18 °C. I gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid II, pointe 7, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, i gcás ina ndéantar an t-iasc iomlán atá beartaithe lena channú a reo faoi sháile, níl a theocht le bheith níos airde ná -9 °C. Leagtar síos sa phointe sin freisin, fiú má dhéantar an t-iasc iomlán a reoitear faoi sháile ar dtús ag teocht nach mó ná -9 °C a reo ina dhiaidh sin ag teocht -18 °C, go bhfuil sé beartaithe lena channú go fóill.

(4) I rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus in iniúchtaí agus i rialuithe oifigiúla a rinne an Coimisiún sna Ballstáit agus i dtríú tíortha araon, tá sé léirithe nach bhféadfadh reoshoithí, sa chleachtas, an teocht -18 °C a bhaint amach chun tuinníní a reo faoi sháile. Léiríodh sna tuarascálacha iniúchóireachta freisin go ndearna oibreoirí gnólachta bia áirithe tuinníní a reoitear faoi sháile ag -9 °C a chur ar an margadh go neamhdhleathach mar thuinníní neamhphróiseáilte lena gcaitheamh go díreach ag an duine. I gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil I, Cuid II, pointe 7, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní féidir na tuinníní sin a bheith beartaithe le haghaidh aon rud seachas lena gcannú. Is féidir leis an gcleachtas sin tomhaltóirí a nochtadh do rioscaí sláinte, toisc go mbíonn siondróm scombróid mar thoradh ar tháirgeadh iomarcach hiostaimín.

(5) Eisíodh líon méadaitheach fógraí maidir leis an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d’Ainmhithe (RASFF) maidir le láithreacht hiostaimín os cionn na teorann a leagtar síos i ró 1.26 de Chaibidil I d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún[2] i luanta tuinníní díreoite folúsphacáilte, atá cóireáilte le breiseáin, agus cásanna de nimhiú bia scombróid a bhaineann le táirgí den sórt sin a thomhailt. Tá bearta déanta ag na Ballstáit tar éis rialuithe oifigiúla ach léiríodh i bhfógraí RASFF le déanaí nár réitíodh an tsaincheist leis na bearta sin.

(6) I gcomhairliúcháin an Choimisiúin le húdaráis inniúla na mBallstát agus le heagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara, léiríodh go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar theicneolaíochtaí reo ar bord soithí áirithe agus gur féidir tuinníní a reo faoi sháile ag -18 °C feasta agus a saintréithe orgánaileipteacha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna agus sábháilteacht na dtuinníní á háirithiú i gcás ina bhfuil siad faoi réir coinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais a leagan síos maidir le tuinníní faoi sháile a reo ag –18 °C, tuinníní atá beartaithe chun táirgí iascaigh ullmhaithe a tháirgeadh. Ba cheart a áirithiú leis na ceanglais sin freisin go ndéanfaidh na hoibreoirí féinseiceálacha iomchuí agus go n-éascóidh siad na rialuithe oifigiúla atá le déanamh ag na húdaráis inniúla, ar rialuithe iad is gá chun na reoshoithí sin a idirdhealú ó na soithí sin a dhéanann tuinníní faoi sháile a reo ag -9 °C agus nach bhfuil beartaithe ach lena gcannú.

(7) Leis na ceanglais sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil na reoshoithí feistithe ionas go mbeidh siad in ann tuinníní a reo faoi sháile ag -18 °C ar feadh tréimhse réamhchinntithe. Ina theannta sin, ba cheart do na hoibreoirí gnólachta bia lena mbaineann a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar theocht an tsáile i bhfíor-am, agus modhanna cianchumarsáide á n-úsáid. Ba cheart sonraí den sórt sin a bheith ar fáil i rith an ama d’údaráis inniúla na mBallstát. Ba cheart an acmhainn reo iomchuí atá i reoshoithí faoi sháile a shainaithint le linn nós imeachta formheasa na reoshoithí

---

2 Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lgh. 1-26 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2073/oj

sin chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla tuinníní a thagann ó reoshoithí den sórt sin a shainaithint le linn rialuithe oifigiúla agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne oibreoirí a dhéanann tuinníní nach bhfuil reoite ag -18 °C a chur ar an margadh go neamhdhleathach. Leis na bearta sin, ba cheart feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus tomhaltóirí á gcosaint an tráth céanna, i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (CE) 853/2004.

(8) Ina theannta sin, is gá paraiméadair dhochta ama/teochta a shocrú chun tuinnín a reo faoi sháile ag -18 °C ina chroílár i reoshoithí atá formheasta le haghaidh na gníomhaíochta sin. Ba cheart an laghdú teochta a dhéanamh ar bhealach leanúnach, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas bunaithe. Go háirithe, ba cheart fad iomlán an phróisis reo a shuí.

(9) Ba cheart Roinn VIII, Caibidil I, codanna I agus II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004 a leasú dá réir.

(10) Le hIarscríbhinn III, Roinn XVI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos ceanglais shonracha maidir le táirgí an-mhínphróiseáilte áirithe i gcás inar gá d'oibreoirí gnólachta bia a áirithiú go gcuirtear deireadh le haon riosca sláinte ainmhithe nó poiblí le cóireáil na n-amhábhar. Táirgí de bhunadh ainmhíoch a údaraítear mar bhreiseáin bhia i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008[3], is táirgí an-mhínphróiseáilte iad freisin ós rud é go gcuirtear deireadh leis na rioscaí sin le táirgeadh breiseán den sórt sin agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i Roinn XVI den Iarscríbhinn sin. Díorthaítear cuid de na breiseáin sin ó fheithidí agus, dá bhrí sin, ba cheart feithidí a cheadú mar amhábhair le haghaidh táirgí an-mhínphróiseáilte. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III, Roinn XVI a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004 a leasú dá réir.

(11) Chun go mbeidh an t-am is gá ag na páirtithe leasmhara chun nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun ceanglais nua a chomhlíonadh a eascraíonn as na leasuithe ar Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004, leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith aige ón [...] [*Oifig na bhfoilseachán, cuir isteach dáta a chomhfhreagraíonn do 90 lá ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart an dáta céanna a bheith i gceist agus atá in Airteagal 2 den dréachtghníomh]*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón […] [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta a chomhfhreagraíonn do 90 lá ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*.]

---

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bhia, *IO L 354, 31.12.2008, lch. 16–33* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*